C/2025/107

10.1.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

An t-aistriú ó ghléasraí dramhaíola go gléasraí acmhainne

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/107)

Rapóirtéir: **Anastasis YIAPANIS**

Comhrapóirtéir: **Michal PINTÉR**

Comhairleoir	Mihai IVAŞCU (thar ceann rapóirtéir Ghrúpa III) Alexandra ŠARINOVÁ (thar ceann chomhrapóirtéir Chatagóir 1)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	18.1.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Coimisiún Comhairleach um Athruithe Tionsclaíocha
Dáta a glactha sa rannóg	24.9.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	23.10.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	591
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/ staonadh)	243/1/4

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Chun aghaidh a thabhairt ar ghiniúint dramhaíola, arb iad fás an daonra, an t-uirbiú, an tionsclaíocht agus an fhorbairt eacnamaíoch is cúis léi, tá gá le cleachtais inbhuanaithe bainistithe dramhaíola chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SFIanna) a bhaint amach, ag díriú ar ghiniúint dramhaíola a íoslaghdú trí chosc agus trí in-athúsáidteacht mhéadaithe. Tá réitigh inbhuanaithe bainistithe dramhaíola á lorg ag na gnólachtaí, na rialtais agus na saoránaigh, rud a chiallaíonn gur gá aistriú ó smaointeoireacht líneach bunaithe ar an gcoincheap go ndéantar dramhaíl as táirge go cur chuige lena ndéantar acmhainní as dramhaíl.

1.2. Creideann CESE go bhfuil sé ríthábhachtach tús áite a thabhairt don phlé ar leibhéal an Aontais maidir le bainistiú dramhaíola agus straitéis athbhreithnithe a chur chun feidhme chun glacadh le tionscadail cheannródaíocha atá dírithe ar athchúrsáil agus aisghabháil acmhainní a fheabhsú, agus leitheadúlacht na láithreán dumpála a laghdú ag an am céanna. Ní mór tacú leis an tionscal réitigh theicneolaíocha iontaofa agus nuálacha a chur chun feidhme trí acmhainní airgeadais spriocdhírithe le haghaidh taighde agus forbartha, treoirthionscadail agus leathnú teicneolaíochtaí úrscothacha do ghléasraí acmhainní.

1.3. Trí dhramhaíl a bhainistiú go héifeachtúil thar theorainneacha agus í a rialáil mar phríomh-amhábhar trí chaighdeáin iomchuí faoi Rialachán REACH agus trí chritéir dheiridh dramhaíola, cuirfear an nuálaíocht chun cinn agus spreagfar margaí na n-ábhar tánaisteach. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí maoirseacht ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe agus chun an slabhra táirgí a chuíchóiriú le hinfheistíochtaí amach anseo.

1.4. Tá CESE ag tathant go ndéanfaí, le beartais bhreise ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, feabhas a chur ar chórais bailithe dramhaíola, infheistíocht in ardteicneolaíochtaí sórtála, na rialacháin atá ann cheana a fhorfheidhmiú go héifeachtach, agus fíneálacha comhchuibhithe a bhunú ar fud na mBallstát chun gníomhaíochtaí neamhdhleathacha dramhaíola a chomhrac. Trí tháille truaillithe a chur chun feidhme agus aghaidh a thabhairt ar chostais athchúrsála, is féidir an réasúnaíocht eacnamaíoch le haghaidh athchúrsála a neartú.

1.5. Tacaíonn CESE le comhchuibhiú forleathan na gcaighdeán maidir le hábhair aisghafa chun cothrom iomaíochta a áirithiú d'óghábhair agus d'ábhair thánaisteacha ar fud an Aontais agus chun a rialáil ilroinnte ar an leibhéal náisiúnta aonair a chosc.

1.6. D'fhéadfadh roinnt teicneolaíochtaí atá ar fáil, amhail gléasraí tiontaithe dramhaíl go huisce agus dramhaíl go hidrigin, mar aon le bunluaith de thionscnamh loisceoirí agus luaith mhionaithe bhreosla, teicneolaíochtaí lena ndéantar breoslaí de dhramhaíl, agus cóireáil fuíolluisce na paraidímí bainistithe dramhaíola atá ann faoi láthair a aistriú i dtreo cur chuige atá dírithe ar acmhainní agus siombóis thionsclaíoch a chothú. Tá gá le tacaíocht a chur ar fáil do theicneolaíochtaí aisghabhála, nuálacha agus do mhargaí feidhmiúla le haghaidh ábhair aisghafa, chomh maith le timpeallacht rialála a spreagann aistriú ó ábhair neamh-inbhuanaithe a dhiúscairt go hábhair thánaisteacha ardcháilíochta a ghiniúint.

1.7. Tá CESE ag iarraidh go gcuirfí le dreasachtaí airgeadais agus go dtabharfaí tacaíocht chun teicneolaíochtaí nuálacha a fhorbairt agus a ghlacadh (amhail Idirlíon na Rudaí Nithiúla (IoT), róbait intleachta saorga, píopaí neomatacha, teicneolaíocht bhlocshlabhra, athchúrsáil ceimiceán, ardteicnící deighilte ábhair, dróin agus íomháú satailíte), agus prionsabal ord na réiteach dramhaíola á urramú ag an am céanna. Ba cheart maoiniú tiomnaithe an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) maidir le bainistiú dramhaíola a leathnú agus a chuíchóiriú chun tosaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí a thacaíonn le haisghabháil chomhtháite acmhainní ó dhramhaíl.

1.8. I gcomhréir le tosaíochtaí an Chomhaontaithe Ghoirm don Eoraip, tacaíonn CESE go láidir le hathshlánú cothaitheach ó fhuíolluisce, ó shloda séarachais agus ó fhoinsí eile a uasmhéadú, trí úsáid a bhaint as dea-chleachtais maidir le cóireáil agus athchúrsáil agus trí mhodhanna aisghabhála acmhainní atá dírithe ar mhianraí luachmhara a ghabháil.

1.9. Aithníonn CESE go bhfuil gá le cláir thiomnaithe uas-scilithe agus athscilithe atá dírithe ar oibrithe i dtionscal na dramhaíola. Mar gheall ar an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, tá athrú ag teacht ar chineál agus raon feidhme na bpost i dtionscal na dramhaíola, rud a éilíonn infheistíochtaí breise i gcaipiteal daonna ag gach leibhéal scileanna agus i ngach cineál róil. Molann CESE go mbeadh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach go leanúnach i ndearadh agus i gcur chun feidhme na gclár sin chun comhthuiscint ar dhúshláin earnála agus ar réitigh d'oibrithe a éascú.

1.10. Tá sé ríthábhachtach tacú le rannpháirtíocht ghníomhach na rialtas áitiúil agus réigiúnach maidir le bainistiú dramhaíola a aistriú chuig aisghabháil chomhtháite acmhainní chun an geilleagar ciorclach a chur chun cinn. Ní mór an rialachas ar an leibhéal bardasach a neartú chun na hinniúlachtaí, na cumais agus an acmhainneacht is gá a fhorbairt le haghaidh infheistíochtaí nua agus creataí rialála lena gcothaítear nuálaíocht i mbainistiú dramhaíola agus acmhainní.

1.11. Measann CESE nach mór feachtais faisnéise a chur chun cinn agus a mhaoiniú chun saoránaigh an Aontais a chur ar an eolas faoi dhramhaíl a chosc, faoi fhreagracht an táirgeora agus faoi chosaint an chomhshaoil. Trí oideachas a chur ar an bpobal faoi bhainistiú dramhaíola, athchúrsáil agus an geilleagar ciorclach, spreagfar athruithe iompraíochta a bhfuil géarghá leo.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Tuairiscítear i gClár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe ([1]) go ngineann an domhan 2,1 billiún tonna de dhramhaíl sholadach chathrach gach bliain, agus meastar go méadóidh an figiúr sin go 3,8 billiún tonna faoi 2050. Is toradh dosheachanta é giniúint dramhaíola ar fhás an daonra, ar an uirbiú, ar an tionsclú agus ar an bhforbairt eacnamaíoch. Cuireann an Coimisiún Eorpach i dtábhacht gurb as eastóscadh agus próiseáil acmhainní a eascraíonn leath de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa iomlána agus níos mó ná 90 % den chaillteanas bithéagsúlachta agus strus uisce ([2]).

2.2. Tá sé ríthábhachtach cleachtais inbhuanaithe bainistithe dramhaíola a chomhtháthú chun roinnt de na SFIanna a bhaint amach agus chun todhchaí níos inbhuanaithe a chur chun cinn. Is é an bealach is éifeachtaí giniúint dramhaíola a íoslaghdú ag an bhfoinse, ag tosú le bearta coisctheacha a chur i bhfeidhm agus béim níos fearr a leagan ar ath-inúsáidteacht. I gcóras fíorchiorclach, níl sa dramhaíl ach meascán d'acmhainní nár sórtáladh nó nár cóireáladh i gceart go fóill, ach ar féidir é a shórtáil nó a chóireáil. Mar sin féin, a luaithe a bheidh na cúlchistí amhábhar príomhúil go léir ídithe, is í an dramhaíl an t-aon fhoinse a bheidh ann.

2.3. Go ginearálta, is féidir dramhaíl a shainmhíniú mar thoradh neamhbheartaithe an tomhaltais agus an táirgthe. Mar sin féin, mar an gceánna le foinsí na dramhaíola, tá éagsúlachtaí móra idir cineálacha na dramhaíola freisin, agus is féidir dramhaíl a aicmiú ar bhealaí éagsúla (de réir ábhair, cineál táirge, foinse, leibhéal guaise, etc.). Dírítear go príomha sa tuairim seo ó CESE ar dhramhaíl sholadach chathrach. Leis an gcineál dramhaíola sin, cuimsítear an dramhaíl a ghineann teaghlaigh, gnólachtaí miondíola agus beaga, seirbhísí poiblí agus eintitis den chineál céanna. Ní áirítear leis sin dramhaíl neamhbhardasach, amhail dramhaíl ó earnáil na tógála agus na tionsclaíochta, dramhaíl ó ghníomhaíochtaí talmhaíochta nó dramhaíl leighis.

([1]) *Global Waste Management Outlook 2024* (unep.org).

([2]) Eur-lex – *A new Circular Economy Action Plan* [Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach].

2.4. Tá rochtain ar amhábhair a áirithiú agus spleáchas iomarcach ar thríú tíortha a sheachaint tagtha chun cinn mar dhúshlán suntasach comhshaoil agus geopholaitiúil don Aontas. Trí fhuinneamh agus ábhair a aisghabháil ó dhramhaíl, cuidítear le srian a chur leis an ngá atá le breoslaí iontaise agus amhábhair a eastóscadh, agus íoslaghdaítear na hastaíochtaí gás ceaptha teasa gaolmhara a eascraíonn as gníomhaíochtaí eastósctha agus tacaítear le slándáil fuinnimh agus amhábhar san Aontas ag an am céanna.

2.5. Tá bainistiú dramhaíola an Aontais bunaithe ar 'ord na réiteach dramhaíola', ina gcuimsítear cúig chéim agus a bunaíodh agus a rinneadh ceangailteach ó thaobh dlí de leis an Treoir Réime Dramhaíola ([3]) agus lena gceanglaítear ar chuideachtaí an Aontais na teicnící bainistithe dramhaíola is fearr a chur i bhfeidhm ([4]). Is é líonadh talún an 'rogha dheireanach' (ós rud é gur oibríocht diúscartha atá ann), agus, ina dhiaidh sin, próisis 'dramhaíl go fuinneamh' (loscadh). D'fhéadfadh oll-líonadh talún ábhair agus cothaithigh luachmhara a d'fhéadfaí a aisghabháil a scriosadh. Mar sin féin tá roinnt mhaith Ballstát den Aontas ag brath go mór ar an bpróiseas sin. Tráth a bhfuil réitigh inbhuanaithe ar bhainistiú dramhaíola á lorg ag na gnólachtaí, na rialtais agus na saoránaigh, ní mór aistriú ó smaointeoireacht líneach bunaithe ar an gcoincheap go ndéantar dramhaíl as táirge go cur chuige lena ndéantar acmhainní as dramhaíl.

3. **Dramhaíl a chóireáil mar acmhainn**

3.1. Cé gur mór ag CESE na hiarrachtaí atá á ndéanamh maidir le reachtaíocht dramhaíola an Aontais atá ann faoi láthair, leagann sé béim ar an ngá atá le tús áite a thabhairt don phlé ar leibhéal an Aontais maidir le reachtaíocht agus bainistiú dramhaíola. Sa phlé sin, ba cheart straitéisí nuashonraithe, teicneolaíochtaí nuálacha agus teicnící bainistíochta a chumhdach, mar aon le prionsabail na ciorclaíochta a chur chun cinn agus bacainní rialála a bhaint a mhéid a bhaineann le córas ciorclach a fhorbairt. Ba cheart plé den sórt sin a ailíniú le cuspóirí an Aontais a leagtar amach sa Rialachán maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht, sa Treoir Réime Dramhaíola agus sa Rialachán maidir le Loingsithe Dramhaíola. Moltar spriocanna aisghabhála a leagan síos d'ábhair amhail fosfar, nítrigin, miotail, etc., agus go gcuirfí an loighic gur acmhainn í an dramhaíl i bhfeidhm i ngach píosa reachtaíochta nua agus athbhreithnithe de chuid an Aontais chun nach gcuirfear pionóis rialála nó eacnamaíocha nach bhfuil gá leo ar úsáid amhábhar arna n-aisghabháil ó dhramhaíl. Ba cheart béim i bhfad níos láidre agus níos leithne a leagan ar an athchúrsáil sa Ghníomh um Amhábhair Chriticiúla.

3.2. Ní mór teicneolaíochtaí éifeachtacha bainistithe dramhaíola a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar an athchúrsáil agus an aisghabháil, agus leitheadúlacht na láithreán dumpála á laghdú ag an am céanna. Ní mór don Aontas tacú le hearnáil na tionsclaíochta na réitigh theicneolaíocha is déanaí a fhorbairt, réitigh arb é is aidhm dóibh leathadh amach agus cur chun feidhme ar mhórscála a bhaint amach. A bhuí le tacaíocht airgeadais iomchuí agus spriocdhírithe don taighde agus don fhorbairt, do threoirthionscadail agus do chur chun feidhme teicneolaíochtaí nuálacha i ngléasraí acmhainní, laghdófar costais na bpróiseas sin. Ba cheart sruth maoinithe tiomnaithe BEI maidir le bainistiú dramhaíola a mhéadú agus a chuíchóiriú chun díriú ar infheistíochtaí a rannchuidíonn leis an aistriú chuig an ngeilleagar ciorclach agus le haisghabháil chomhtháite acmhainní ó dhramhaíl. Ba cheart gnéithe críochacha a chur san áireamh agus tacaíocht airgeadais á dáileadh.

3.3. Ní mór méadracht feidhmíochta agus táscairí caighdeánaithe a fhorbairt chun nósanna imeachta bainistithe dramhaíola a fheabhsú, lena gcumhdaítear raon leathan gnéithe agus a théann níos faide ná gnéithe eacnamaíocha nó comhshaoil amháin, agus lena gcomhtháthaítear tosca sóisialta.

3.4. D'iarr CESE go dtacódh an tAontas 'leis an tionscal cóireála agus próiseála dramhaíola atá aige trí amhábhair thánaisteacha a ullmhú le bheith athchúrsáilte i bpróisis táirgthe, agus leasú a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair maidir le dramhaíl ionas go dtabharfar tús áite d'athchúrsáil agus do chiorclaíocht amhábhar criticiúil agus straitéiseach a bhfuil an acmhainneacht theicniúil is mó acu ó thaobh athchúrsála de ([5])'. Maidir leis na costais a bhaineann leis an athchúrsáil, ,d'fhéadfadh costas truaillithe a thabhairt isteach cabhrú leis na buntáistí eacnamaíocha a bhaineann leis an athchúrsáil a chruthú.

([3]) Eur-lex – Téacs comhdhlúite – Treoir 2008/98/CE.

([4]) Is é 'ord na réiteach dramhaíola', ina gcuimsítear cúig chéim agus a bunaíodh sa Treoir Réime Dramhaíola, bunús bhainistiú dramhaíola an Aontais. Bunaítear leis sin ord tosaíochta maidir le dramhaíl a bhainistiú agus a dhiúscairt.

([5]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 168/2013, (AE) 2018/858, 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 [COM(2023) 160 final — 2023/0079 (COD)] agus Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún — Soláthar amhábhar criticiúil ar bhonn inbhuanaithe slán chun tacú leis an dá aistriú (COM(2023) 165 final) (IO C 349, 29.9.2023, lch. 142).

4. **Aistriú ó ghnáthbhainistiú dramhaíola go bainistiú cuimsitheach comhtháite acmhainní**

4.1. Tá CESE ag iarraidh go bhfeabhsófaí oibriú agus éifeachtacht na láithreán líonta talún trí bhonneagar, cóireálacha agus uirlisí teicneolaíochta nua a chur chun feidhme. Tá teicnící deighilte níos éifeachtúla de dhíth ar an Eoraip agus ní mór tús áite a thabhairt do ghléasraí 'dramhaíl go fuinneamh' agus gléasraí comhtháite aisghabhála acmhainní thar na láithreáin líonta talún, toisc gur féidir, sna gléasraí sin, dramhaíl sholadach a phróiseáil chun leictreachas agus ábhair inúsáidte eile a ghiniúint.

4.2. Trí chomhoibriú le hionaid taighde a chothú agus teicneolaíochtaí ceannródaíocha á bhforbairt, is féidir an nuálaíocht 'dramhaíl go fuinneamh' a chur chun cinn, agus, ar an gcaoi sin, éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú trí dhramhaíl ó líonadh talún a laghdú agus amhábhair a chaomhnú. Cuireann CESE i bhfios go láidir, a mhéid a bhaineann leis na próisis 'dramhaíl go fuinneamh', gur cheart cloí le prionsabal ord na réiteach dramhaíola, agus breithnithe maidir le saolré á gcur san áireamh. Tá sé ag iarraidh go mbeadh beartas agus tacaíocht airgeadais ann (mar shampla trí theicneolaíochtaí 'dramhaíl go fuinneamh' a aithint i nGníomhartha Tarmligthe an Aontais maidir le Tacsanomaíocht) chun buntáistí gnó agus comhshaoil teicneolaíochtaí 'dramhaíl go fuinneamh' a chruthú, teicneolaíochtaí lena n-ionchorpraítear próisis aisghabhála ábhair, amhail bunluaith a phróiseáil agus miotail a eastóscadh, chun cabhrú le hamhábhair thánaisteacha agus cothaithigh a aisghabháil agus chun dramhaíl ghuaiseach agus líonadh talún a laghdú.

4.3. Leis an reachtaíocht dramhaíola a bheidh ann amach anseo ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, ba cheart rannchuidiú sistéamach gléasraí acmhainní a aithint, tacaíocht a chur ar fáil chun acmhainní a aisghabháil ó dhramhaíl, agus suiteálacha amhail gléasraí aisghabhála acmhainní nó gléasraí cóireála fuíolluisce a aicmiú mar mhoil acmhainní a sholáthraíonn ní hamháin teas, leictreachas agus uisce, ach carbón gafa, cothaithigh, miotail aisghafa agus ábhair orgánacha freisin mar rogha mhalartach ar óghábhair. Ba cheart dramhaíl a mheas agus a rialáil mar phríomh-amhábhar, lena n-áirítear trí chaighdeáin iomchuí REACH agus critéir dheiridh dramhaíola a leagan síos, agus trí loingsithe dramhaíola trasteorann a bhainistiú go héifeachtúil. Trí stádas deiridh dramhaíola a thabhairt d'ábhair nua agus nuálacha, cuirfear an nuálaíocht chun cinn agus spreagfar margaí na n-ábhar tánaisteach. Tá sé tábhachtach rialú a áirithiú ar leibhéal an Aontais, ós rud é gur minic a tharlaíonn sáruithe ar bhainistiú dramhaíola sna háiteanna ina bhfuil an mhaoirseacht níos lochtaí.

4.4. Ní mór do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh chun cistí an Aontais a ionsú a mhéid is féidir agus infheistíochtaí a threorú i dtreo geilleagar ciorclach. Tá CESE ag iarraidh go gcuirfí beartais bhreise i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, beartais lena ndíreofaí ar fheabhas a chur ar chórais sórtála agus bailithe dramhaíola agus ar infheistíocht in ardteicneolaíochtaí sórtála chun rátaí athchúrsála a uasmhéadú. Tá scaradh na bhfoinsí ar cheann de na hoibríochtaí is tábhachtaí ag tús an tslabhra bainistithe dramhaíola agus is iarracht chinntitheach é an próiseas sin chun athchúrsáil ardcháilíochta a áirithiú, mar aon le rannpháirtíocht dhíreach na dtomhaltóirí. Ina theannta sin, ní mór bearta nua a bheith ag gabháil le forfheidhmiú na rialachán atá ann cheana maidir le bainistiú dramhaíola chun comhlíonadh a áirithiú agus chun gníomhaíochtaí neamhdhleathacha dramhaíola a íoslaghdú. Chuige sin, ní mór do na Ballstáit uile fíneálacha comhchuibhithe a chur i bhfeidhm.

4.5. I measc na dteicneolaíochtaí atá ar fáil is féidir a úsáid le haghaidh saoráidí aisghabhála acmhainní comhtháite amach anseo, d'fhéadfadh roinnt acu an córas bainistithe dramhaíola atá ann faoi láthair a aistriú ina gcur chuige atá dírithe ar acmhainní. Áirítear leis sin **gléasraí 'dramhaíl go huisce'** agus córais chomhtháite 'dramhaíl go huisce' ina n-úsáidtear fuinneamh ó dhramhaíl chun gléasraí díshalannaithe sáile a oibriú. Baineann an teicneolaíocht **'dramhaíl go hidrigin'** úsáid as leictreachas a ghintear trí phróisis loiscthe chun hidrigin in-athnuaite agus ísealcharbóin a fhoinsítear go háitiúil a tháirgeadh. D'fhéadfadh **bunluaith agus luaith mhionaithe bhreosla**, iarmhair a thagann ó loisceoirí, a bheith ina bhfoinsí amhábhar tánaisteach. Tá sé ríthábhachtach aisghabháil miotal, mianraí, comhiomlán, potaisiam, sóidiam agus cailciam i bhfoirm salainn a dhreasú ar leibhéal an Aontais trí reachtaíocht iomchuí agus trí dheireadh a chur le bacainní rialála atá ann faoi láthair a spreagann aislíonadh. Ina theannta sin, d'fhéadfadh **teicneolaíochtaí 'dramhaíl go breoslaí'** éagsúla (bithghás, meatán, gás sintéiseach, breoslaí sintéiseacha, etc.) méideanna suntasacha dramhaíola soladaí cathrach a atreorú ó láithreáin líonta talún. Maidir le **cóireáil fuíolluisce**, tá gá le creat rialála iomchuí freisin chun **aisghabháil fosfair** a chomhtháthú i mbainistiú inbhuanaithe sloda.

4.6. Bainistíonn Ballstáit an Aontais na hábhair aisghafa a luaitear thuas ar an leibhéal náisiúnta faoi láthair, gan rialachán Eorpach ná cumhdach reachtach a bheith ann. Cuireann sé sin bac ar athúsáid chiorclach agus ar luacháil iomlán na n-ábhar sin. Beidh gá le roinnt gníomhaíochtaí beartais chun aisghabháil acmhainní ó na substaintí sin a chur chun cinn, mar aon le caighdeáin agus beartais intuartha agus chobhsaí chun cost-éifeachtúlacht na dteicneolaíochtaí sin a áirithiú. Tá gá le tacaíocht do theicneolaíochtaí aisghabhála nuálacha agus do mhargaí feidhmiúla d'ábhair aisghafa chun cothrom iomaíochta a áirithiú. Ní mór don timpeallacht rialála aistriú a spreagadh ó ábhair neamh-inbhuanaithe a dhiúscairt go hábhair thánaisteacha ardcháilíochta a ghiniúint. Tá gá le húdarú agus ceadú ceimiceach atá dea-dheartha agus solúbtha chun cáilíocht na n-ábhar ionchuir a choinneáil le haghaidh tuilleadh próiseála.

4.7. Ní mór deireadh a chur le roinnt bacainní rialála chun an t-aistriú ó dhramhaíl go hacmhainní a chur chun feidhme agus chun geilleagar atá go hiomlán ciorclach a bhaint amach. Molann CESE athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht an Aontais lena gcuirtear toirmeasc ar úsáid amhábhar athchúrsáilte agus cothaitheach aisghafa in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear earnáil an talmhaíocht/an fheirmeoireacht orgánach, tógáil ainmhithe, an dobharshaothrú, etc., i ndlúthchomhar leis an tionscal. Leis an Rialachán, ba cheart tosaíocht a thabhairt do cháilíocht na dtáirgí seachas don tionscnamh, agus ní mór dálaí an mhargaidh a choigeartú chun cothrom iomaíochta a bhaint amach idir ábhair athchúrsáilte agus óghábhair.

4.8. I gcomhréir leis an gComhaontú Gorm don Eoraip ([6]), molann CESE go láidir cothaithigh a aisghabháil ar an mbealach is fearr ó fhuíolluisce, ó shloda séarachais agus ó fhoinsí eile trí mhodhanna cóireála dea-chleachtais, athchúrsála agus aisghabhála arb é is aidhm dóibh nítrigin, fosfar agus potaisiam a ghabháil. Chuideodh an aisghabháil le hallmhairí na n-ábhar sin isteach san Aontas a laghdú, agus ardteicneolaíocht á húsáid chun miotail throma agus micreaphlaistigh a bhaint, agus, ar an gcaoi sin, carnadh ithreach agus éilliú a chosc. Tá sé ríthábhachtach tosaíocht a thabhairt d'fhosfar agus do theicneolaíochtaí eile aisghabhála ábhar chun an t-aistriú chuig ciorclaíocht iomlán a éascú ó thaobh an gheilleagair uisce agus bainistiú ciorclach fuíolluisce agus sloda de. Ba cheart straitéis thiomnaithe a dhréachtú maidir le haisghabháil inbhuanaithe acmhainní ó fhuíolluisce, lena n-áirítear gníomhaíochtaí spriocdhírithe ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, chun oibreoirí gléasraí cóireála fuíolluisce a spreagadh chun na cúraimí breise sin a ghlacadh agus chun ardcháilíocht a áirithiú maidir leis an bhfuíolluisce atá ag sreabhadh isteach lena aisghabháil.

Réitigh nuálacha eile

4.9. San Eoraip, baineann roinnt mhaith teicneolaíochtaí bainistithe dramhaíola atá ag teacht chun cinn úsáid as **Idirlíon na Rudaí Nithiúla (IoT)** chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht an bhailithe dramhaíola. Is féidir braiteoirí IoT a chomhtháthú i mboscaí bruscair chun faireachán a dhéanamh ar leibhéil líonta i bhfíor-am chun bealaí agus sceidil bailithe dramhaíola a bharrfheabhsú. Is féidir **róbait intleachta saorga** a ríomhchlárú chun idirdhealú a dhéanamh idir ábhair éagsúla go tapa agus go beacht, agus tá an teicneolaíocht sin á comhtháthú cheana féin ag ionaid athchúrsála chun éifeachtúlacht agus cruinneas i saoráidí athchúrsála a fheabhsú. D'fhéadfaí **píopaí neomatacha** a leagan faoi ghabhdáin dramhaíola poiblí chun dramhaíl a iompar go díreach chuig ionaid phróiseála, rud a chuirfeadh deireadh leis an ngá atá le bruscar a bhailiú ar an ngnáthbhealach. Is féidir **teicneolaíocht bhlocshlabhra** a úsáid chun dramhaíl a rianú agus a lorg ar feadh a saolré, rud a chinntíonn trédhearcacht agus cuntasacht i bpróisis bainistithe dramhaíola. D'fhéadfadh **athchúrsáil cheimiceach** agus **ardteicnící deighilte ábhair** cáilíocht agus éifeachtúlacht na bpróiseas athchúrsála a fheabhsú. D'fhéadfaí **dróin** agus **íomháú satailíte** a úsáid chun faireachán ón aer a dhéanamh ar láithreáin dramhaíola, ar ghníomhaíochtaí dumpála neamhdhleathacha, agus ar bhainistiú líonta talún, rud a fheabhsóidh iarrachtaí maidir le faireachán agus forfheidhmiú.

4.10. Tá CESE ag iarraidh go gcuirfí le dreasachtaí airgeadais agus go dtacófaí leis na teicneolaíochtaí agus na cleachtais sin maidir le bainistiú dramhaíola, agus ord na réiteach dramhaíola á urramú ag an am céanna. Tá sé curtha in iúl ag CESE cheana féin go mbeadh gá le 'beartais chun saoráidí úrnua athchúrsála a thógáil agus chun athchóiriú teicneolaíoch a dhéanamh ar na saoráidí athchúrsála atá ann cheana' chun é sin a dhéanamh, agus go bhféadfaí an méid sin a bhaint amach 'trí na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ([7])'.

5. **Caipiteal daonna agus múscailt feasachta**

5.1. Beidh cláir uas-scilithe agus athscilithe de dhíth ar oibrithe san earnáil dramhaíola chun gur féidir leo iad féin a chur in oiriúint do theicneolaíochtaí nua. Ní mór infheistíochtaí leordhóthanacha i mbonneagar an chaipitil dhaonna a áirithiú, mar aon le rannpháirtíocht iomlán na gcomhpháirtithe sóisialta. Meastar go gcruthófar níos mó post a bhuí leis an aistriú chuig tionscal dramhaíola níos ciorclaí, ós rud é gur gnách go mbíonn ardphróisis aisghabhála acmhainní níos déine ó thaobh saothair de ná líonadh talún nó loscadh. Tugtar le fios sna meastacháin go bhféadfaí 50 000 post breise a chruthú i mbainistiú dramhaíola amháin, dá gcuirfí an geilleagar glas chun feidhme ina iomláine ([8]). Ina theannta sin, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar leibhéal scileanna na n-oibrithe bainistithe dramhaíola. Meastar go mbeidh raon níos leithne scileanna digiteacha i gceist leis sin, chomh maith le saineolas maidir le táirgeadh táirgí agus innealtóireacht phróisis.

5.2. Beidh tionchar díreach ag an athmheastóireacht ar chur chuige an Aontais maidir le bainistiú dramhaíola ar an ngá atá le hoideachas agus oiliúint bhreise a chur ar oibrithe. Áirítear leis sin feabhas a chur ar fheasacht na n-oibrithe ar phrionsabail inbhuanaitheachta agus ar theicneolaíochtaí nuálacha, chomh maith le béim níos mó a leagan ar phrionsabail sláinte agus sábháilteachta. Is féidir le hidirphlé láidir sóisialta san earnáil comhthuiscint ar na ceanglais sin a éascú agus réitigh a sholáthar a nglacann na príomh-gheallsealbhóirí uile leo. Ba cheart tacú le rannpháirtíocht leanúnach leis na comhpháirtithe sóisialta agus le geallsealbhóirí ábhartha eile ar an leibhéal trastionscail, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus an rannpháirtíocht sin a éascú.

5.3. Is iad na rialtais áitiúla agus réigiúnacha is mó a spreagann tionscnaimh bainistithe 'dramhaíl go hacmhainní', agus iad ag tacú leis an bhforbairt inbhuanaithe agus leis an ngeilleagar ciorclach. Déanann siad an bonneagar a bhainistiú, rialacháin a fhorfheidhmiú, bailiú agus diúscairt dramhaíola a láimhseáil agus feasacht an phobail a ardú. Is rud ríthábhachtach í a rannpháirtíocht ghníomhach maidir le bainistiú dramhaíola a aistriú chuig aisghabháil acmhainní atá comhtháite go hiomlán chun an geilleagar ciorclach a chur chun cinn agus chun tionscadail nuálacha a chur chun feidhme. Tá sé ríthábhachtach tacú leis an rialachas ar an leibhéal bardasach chun na húdaráis áitiúla a chumhachtú chun inniúlachtaí, cumais agus acmhainneacht a fhorbairt chun infheistíochtaí nua agus creat rialála a chur chun feidhme lena spreagtar nuálaíocht i mbainistiú dramhaíola agus acmhainní.

([6]) Achainí CESE ar son Comhaontú Gorm don Eoraip.
([7]) Tuairim Ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar "Athchúrsáil inbhuanaithe, úsáid amhábhar tánaisteach agus an t-aistriú cóir i dtionscal Eorpach na miotal feiriúil agus neamhfheiriúil" (tuairim féintionscnaimh) (IO C 140, 21.4.2023, lch. 1–7).
([8]) Friends of the Earth, 2010, *More jobs, less waste: Potential for job creation through higher rates of recycling in the UK and EU*.

5.4. Measann CESE nach mór feachtais faisnéise a chur chun cinn agus a mhaoiniú chun feasacht a mhúscailt i measc shaoránaigh an Aontais maidir le dhramhaíl a chosc agus a laghdú, maidir le freagracht an táirgeora agus maidir le cosaint an chomhshaoil. Tá ról ríthábhachtach ag saoránaigh an Aontais maidir leis an aistriú i dtreo na ciorclaíochta, rud a fhágann go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeidh siad rannpháirteach i bhfeachtais den chineál sin. Ina theannta sin, ní mór tosaíocht a thabhairt do chosaint sonraí chun a áirithiú go gcomhlíonfar rialacháin, go gcuirfear feabhas ar an éifeachtúlacht oibríochtúil agus go gcothófar muinín an phobail agus geallsealbhóirí eile laistigh d'earnáil bainistithe dramhaíola an Aontais.

5.5. Molann CESE cláir agus feachtais faisnéise lena gcuirtear chun cinn athúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil ábhar chun spleáchas ar líonadh talún agus ar loscadh gan aisghabháil fuinnimh a laghdú. Ach an pobal a chur ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le bainistiú dramhaíola, le hathchúrsáil agus leis an ngeilleagar ciorclach, cothófar athrú iompraíochta a bhfuil géarghá leis.

An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2024.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE